



TOMÁS BAIRÉAD PAPERS

GP2/122

Galway County Council Archives

GP2/122(1)

TELEXX 57401.

SUTÁN 77703



An TÓIREACHTAS

CONRADÓ NA GAEILGE

6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath, 2.

14 SEANRÓS SÁBHALL BAILE ÁTHA CLIATH.

28 Deireadh Fómhair, 1966.

Tomás Uasal Bairéad,
Gill Ráighnigh,
Magh Cuilinn,
Conamara,
CO. NA GAILLIMHE.

A Thomáis, a chara,

Tá do litir faoi an Lss "Gan Baiste" agam.
Gheobhaidh tú le seo an tuairisc a scriobh an moltóir
ar an leabhar. Is léir uaidh go bhfuil fiúntas sa
scribhinn.

Bheadh suim ag Clódhanna Teoranta, Comhlucht Foilseoir-
eachta Chonradh na Gaeilge i bhfoilsíú an leabhair. Tá
ábhar dhá leabhar ann. Beidh gá le Eagarthóireacht a
dhéanamh faoi mar a deir an moltóir. Is id theamanta féin
is fearr d'fhéadfai sin a dhéanamh.

X Deineann Pádraig Ó Conaire eagarthóireacht ar
leabhair don Chonradh. Eisean atá ag déanamh eagarthóireachta
ar leabhar Bhean Uí Thallamhain "Rós Fián Lios an Daill" a
bheidh á fhoilsiú againn go luath do Chlub Leabhar na Sóisear.

Má tá suim agat i leanúint ar aghaidh an scéil seo beidh
áthas orainn bheith ag plé leat.

Ádh mór ort.

Mise, le mórmheas,

Donnchadh Ó Súilleabháin

Donnchadh Ó Súilleabháin,

Rúnai.

GP2 | 122 (2)

AN TOIREACHTAS 1966

COMÓRTAS 6.

UIMHIR AN IOMATHÓRA 1.

Gan Baiste

le

"Cill Áine".

TUAIRISC AN MHOLTÓRA

Ba é seo dar liom an scribhinn ba shuntasai sa chomórtas, ach ní raibh slach ar bith uirthi ó thaobh roghnú agus leagan amach an ábhair. Údar amháin le seo nár leag an scribhneoir teorainneacha a shaothar amach roimhre. Leag sé ar an scribhneoireacht as éadan gan aird ar chriochnúil-eacht ná ar fheiliúint an ábhar: Nior fhéach sé ach oiread leis na scórtha mioneachtrai atá aige a shníomh isteach in aon insint leanúnach. Preabann / sé leis ó eachtra go heachtra, ó duinne go duine gan tuiscint dá laghad aige do aontacht an tsaothair. An tréith is suntasai sa scribhinn ó thus deireadh ná an chaointhíríil nádúrtha. Tá píosaí comhrá aige atá ar fheabhas an domhain go háirithe agus é ag trácht ar an sean saol in Oirtheair na Gaillimhe roimh an Chéad Chogadh Mór, ach mar atá ráite agam / níl cuma ná caoi ar an scribhinn mar shaothar as a chéile. Dob fhéidir a leath de na heachtrai seo a fhágáil ar lár gan baint ar aon chaoi ón saothar. Is é seo - an chuid tosaigh den scribhinn - is suimiúla ar fad dar liom. Dá ndéanfaí é threabhadh amach arís agus a athchur le / cúram eagarráthóra nil aon amhras orm ach go ndéanfadh sé leabhar ar fónamh.

Ó thaobh na staire d'fhéadfadh an scribhinn seo bheith ri-spéisíúil / chomh fada agus a bhaineann le hÓglach agus le Conradh na Gaeilge Oirtheair na Gaillimhe, Liam Ó Maoiliosa agus an tFhíri Amach, An Conradh agus an Cogadh Cathartha, polaitiocht na bhfichidí agus na dtriochedí go háirithe, / stair Arm na Poblachta sna tréimhisi sin, bunú Phianna Fáil agus ina dhiaidh sin túis Scéala Eireann. Ach tá an máchaill chéanna ar an gcuide seo den scribhinn agus atá ar an gceád chuid. Nil aon leanúnacha san insint agus nuair a bheadh síuil agat le barúil an údair faoi cursaí na linne cúbam sé chuige féin. Nil aon tábhacht ag baint leis an méid atá le rá aige facin briarsach ná faoi Phádraig Ó Comaire ach os a choinne sin is léir go raibh aithne mhaith aige ar Liam Ó Maoiliosa fear a bhfuil / cuid mhaith againn ar fhíor bheagán eolais faoi.

EOGHAN Ó HANLUAIN.